


CAD A BHEIDH Á FHOGHLAIM AG AN SCOLÁIRE INA CHLÁR FOLLÁINE?

Tríd an gclár Folláine beidh an scoláire ag foghlaim an eolais, na ndearcthaí agus na scileanna a chuirfidh ar a chumas a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn.

Tosóidh Clár Folláine na sraithe sóisearaí le 300 uair an chloig ar an gclár ama in 2017 i gcaitheamh na dtrí bliana den tsraith shóisearach. Tiocfaidh méadú air sin go 400 uair an chloig faoi 2020 de réir mar a chuirfear an tsraith shóisearach nua chun feidhme ina hiomláine i scoileanna.

- Is iad na ceithre phríomhcholún de chlár Folláine na Sraithe Sóisearaí ná Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus oideachas treorach.
- D'fhéadfaí foghlaim in ábhair, i ngearrchúrsaí agus in aonaid eile a úsáid i gclár Folláine scoile freisin.

Is féidir le scoileanna bheith solúbtha agus a gclár Folláine á phleanáil acu. Tá ról le himirt ag scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí i gclár a phleanáil a oireann do riachtanais na scoláirí ina scoil.



Chun tuilleadh eolais a fháil:

www.juniorcycle.ie

www.jct.ie

'TÁ 'DUINE FÁSTA MAITH' AMHÁIN AR ÁR SON AG TEASTÁIL UAINN GO LÉIR. DUINE É SIN INÁR SAOL A BHFUIL TUIŠCINT AIGE ORAINN, A ÉISTEANN LINN AGUS A CHREIDEANN INÁR AN-ACMHAINNEAHT.'

DR TONY BATES



FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH

Mar chuid den tSraith Shóisearach nua beidh scoláirí ag glacadh páirte i réimse nua foghlama dar teideal Folláine. Tógfaidh sé sin ar an obair atá ar siúl ag scoileanna cheana féin chun tacú le folláine scoláirí agus chun níos mó béime a leagan uirthi.

CÉN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT LEIS AN BHFOLLÁINE?

Féadann na hidirghníomhaíochtaí laethúla go léir a tharlaíonn ar scoil dul i gcion ar fholláine an scoláire. Mar sin is féidir le gach duine ról a ghlacadh i dtacú le folláine.

Tá sé de cheart ag gach scoláire a bhrath go bhfuil aire á tabhairt dó ar scoil. Tá sé rithábhachtach an dea chaidreamh a fhorbairt sa seomra ranga agus ar fud na scoile ar mhaithe le folláine gach scoláire agus teagasc agus foghlaim éifeachtach. Nuair a mhothaíonn scoláire gur cuid den scoil é, go bhfuil meas air agus go n-éistear leis, bíonn sé sásta foghlaim agus éiríonn níos fearr leis san fhoghlaim. Tá folláine tábhachtach mar ní amháin go n-éiríonn níos fearr leis an scoláire ar scoil mar gheall uirthi ach freisin féadann sí dul i gcion ar an gcaoi a n-éiríonn le duine óg agus é ina dhuine fásta.

'TÁ FIANAISE AN LÁIDIR ANN GUR ÉIFEACHTAÍ I BHFAD AN FHOGHLAIM, LENA N-ÁIRÍTEAR SNA HÁBHAIR ACADÚLA, MÁ TÁ AN SCOLÁIRE SÁSTA INA CHUID OIBRE, MÁ CHREIDEANN SÉ ANN FÉIN, AGUS MÁ MHEASANN SÉ GO BHFUIL AN SCOIL AG TACÚ LEIS'
KATHERINE WEARE

CAD IS FOLLÁINE?

'IS ANN D'FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE NUAIR A ÉIRÍONN LEIS AN SCOLÁIRE BARR A CHUMAS A BHAINT AMACH, NUAIR A THUGANN SÉ AIRE DÁ FHOLLÁINE CHOIRP, MÁ ÉIRÍONN LEIS DÉILEÁIL LE GNÁTHSTRUS AN TSAOIL, AGUS MÁ MHOHTAÍONN SÉ GO BHFUIL BRAIŠTINT CHOMHUINTEARAIS AIGE LE POBAL NÍOS LEITHNE.'
TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH, CNCM

Is minic a dhéanaimid ceangal idir folláine agus meabhairshláinte nó sláinte fhisiceach. Tá níos mó i gceist le folláine ná díreach an méid sin. Cuimsíonn folláine gnéithe sóisialta, mothúchánacha, fisiceacha, spioradálta, intleachta agus comhshaoil. Díreofar an fhoghlaim i réimse na folláine ar thaitní an scoláire ar gach gné den fholláine. Cé go dtuigtear go mbímid i gcónaí ag díriú ar an bhfoghlaim ar feadh ár saoil, is réimse í ina bhfuil ról tábhachtach ag scoileanna.

TÁSCAIRÍ NA FOLLÁINE

Chun cabhrú le cinntiú go mbíonn tuiscint chomhchoiteann ag gach duine – scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí – ar a bhfuil i gceist le folláine, tá sé tháscaire ann a chuireann síos ar a bhfuil tábhachtach maidir le folláine daoine óga.

Ní cuspóirí ná spriocanna atá le comhlíonadh atá sna táscairí sin. Ní thagann deireadh riamh leis an aistear i dtreo na folláine agus beidh an sonas agus an donas ag baint leis i gcónaí. Is minic go dtagann fás ar dhuine nuair a bhítear ag plé le constaicí agus buillí. Leis na táscairí folláine beidh sé níos éasca do gach duine folláine an scoláire a phlé agus d'fhéadfadh go gcabhródís leo oibriú amach cá háit a bhfuil tacaíocht ag teastáil ón scoláire.

